Tá na scoileanna ag dul ó neart go neart agus méadú ag teacht arís ar líon na scoláirí. Chabhraigh an fócas nua ar an bhfolláine ar an dara leibhéal le scoileanna an fhoghlaime a fheabhsú agus a dhéanamh níos dearfaí do na scoláirí. Ar an leibhéal bunscóile, tá nuálaíocht sa mhúinteoireacht agus san fhoghlaim fós ina gné lárnach den chur chuige. Anois go bhfuil an Ciste Spriocdhírthe don Ógra ar an bhfód táimid i mbéal ré nua sna seirbhísí don ógra. Ba chóir go ndéanfadh na tionscadail seo fíordhíríocht sna pobail.

Is mór an onóir dom saothar iontach beagnach 4,000 ball foirne a fheiceáil ó lá go lá, daoine a leanann orthu ag obair le scoláirí, foghlaiméoirí agus cliaint ar bhealaí úrnua, nuálacha i gcónaí. Is mór againn tacaíocht an Bhoird agus muid ag obair chun an tseirbhís is fearr is féidir a chur ar fáil do phobal an BOO seo.

Paddy Lavelle
Príomhfheidhmeannach





3. Comhaltaí Bhord an BOO

Freastal comhaltaí ar chruinnithe in 2018

Comhalta	Comhlacht ainmnithe	Fad Ama	Ean	Már	Beal	MFómh	Samh
An Clr. Sorcha Nic Cormaic (Cathaoirleach)	Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin	Ean - Noll	√	√	√	√	√
An Clr. Mick Duff (Cathaoirleach)	Comhairle Contae Átha Cliath Theas	Ean - Noll	√	√	√	√	√
An Clr. Ken Farrell	Comhairle Contae Fhine Gall	Ean - Beal	√	√	√	n/b	n/b
Anne Genockey	Aontas	Ean - Noll	√	√	√	√	-
Karen Gleeson	Cumann Náisiúnta na dTuismitheoirí do Scoileanna BOO	Ean - Noll	√	√	√	√	-
An Clr. Pat Hand	Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin	Ean - Noll	-	√	√	√	√
Barry Hempenstall	Foireann BOOÁCDL	Ean - Noll	√	√	√	-	√
An Clr. Brian Lawlor	Comhairle Contae Átha Cliath Theas	Ean - Ean	-	n/b	n/b	n/b	n/b
An Clr. Eithne Loftus	Comhairle Contae Fhine Gall	Ean - Noll	√	√	√	√	√
An Clr. Gráinne Maguire	Comhairle Contae Fhine Gall	Ean - Noll	√	√	-	-	√
An Clr. Howard Mahony	Comhairle Contae Fhine Gall	Ean - Noll	-	√	√	√	-
Claire Markey	Foireann BOOÁCDL	Ean - Noll	√	√	√	√	√
An Clr. Cora McCann	Comhairle Contae Átha Cliath Theas	Ean - Noll	-	-	-	√	-
Gerard McCaul	Comhchoiste na mBainisteoirí	Ean - Noll	-	√	√	√	-
Gerry McGuire	Chambers Ireland	Ean - Noll	√	√	√	√	√
An Clr. Conor McMahon	Comhairle Contae Átha Cliath Theas	Már - Noll	n/b	-	-	√	√
Paul McNally	Cumann Náisiúnta na dTuismitheoirí do Scoileanna BOO	Beal - Noll	n/b	n/b	-	√	√
An Clr. Roderic O'Gorman	Comhairle Contae Fhine Gall	Ean - Noll	-	√	√	√	√
Frank O'Hanlon	Cumann Náisiúnta na dTuismitheoirí do Scoileanna BOO	Ean - Beal	-	-	-	n/b	n/b
An Clr. Liona O'Toole	Comhairle Contae Átha Cliath Theas	Ean - Noll	-	√	√	√	√
Olive Phelan	ÁNLA	Ean - Noll	√	-	-	√	√
An Clr. Duncan Smith	Comhairle Contae Fhine Gall	lúil - Noll	n/b	n/b	n/b	√	-
An Clr. Ossian Smyth	Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin	Ean - Noll	√	-	√	√	-
An Dr. John Walsh (Leas-Chathaoirleach)	Comhdháil na gCeardchumann	Ean - Noll	√	√	√	√	√



4. Tacaíocht agus Forbairt Eagraíochta (TFE)

Leanann an snáithe TFE de BOOÁCDL air ag tacú leis an eagraíocht trí sheirbhísí a chur ar fáil sna réimsí feidhme Airgeadais (lena n-áirítear párolla), AD, TFC agus Seirbhísí Corparáideacha. Tá baill foirne a bhfuil ardaithí agus réimse leathan scileanna acu ag obair i ngach réimse. Tá an t-éileamh ar sheirbhísí tacaíochta ag méadú i gcónaí mar a fhasann an eagraíocht féin. Leanadh ar aghaidh leis an gclár feabhsuithe laistigh den snáithe OSD i rith 2018 agus bhí na nithe seo a leanas i gceist leis:

- Méid suntasach oibre le tacú le saothar na Seirbhíse Gnó um Thacaíocht Oideachais (SGTO), atá á cur ar bun mar sheirbhís chomhroinnte párolla agus airgeadais le haghaidh earnáil na mBOOnna. Beidh BOOÁCDL ar cheann de na chéad BOOnna le haistriú chuig an bhfeidhm náisiúnta phárolla, rud atá le tarlú i lár 2019.
- Dul chun cinn suntasach i dtreo chomhlíonadh iomlán na rialachán soláthair
- Tacaíocht riaracháin agus theicniúil do mhórchlár tógála/caiptil an Bhoird
- Próiseas feabhsaithe earcaíochta atá níos éifeachtúla ó thaobh ama de
- Córas íocaíochta nua a fhorbairt d'fhoghlaimoirí
- An creat rialachais a fheabhsú
- Páirt a ghlacadh i réimse leathan líonraí earnála agus líonraí earnála poiblí

Tá BOOÁCDL fós tiomanta d'fheabhas leanúnach a chur ar a chuid seirbhísí trí athbhreithniú a dhéanamh ar phróisis agus córais ghnó atá ann cheana agus trí shainaitheant a dhéanamh ar chinn nua.

5. Achoimre Airgeadais

Tá seirbhísí bunscoile agus iar-bhunscoile BOO Átha Cliath agus Dhún Laoghaire á gcistiú go príomha ag an Roinn Oideachais agus Scileanna (ROS) agus tá na cláir bhreisoideachais agus oiliúna á gcistiú ag SOLAS agus an ROS. In 2018, fuarthas cistiú le haghaidh tionscadail áirithe ó Ranna agus Gníomhaireachtaí Rialtais eile freisin, lena n-áirítear:

- An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige
- An Roinn Coimirce Sóisialaí
- An Roinn Sláinte
- Coimisiún na Scrúduithe Stáit
- Comhairle Contae Átha Cliath Theas
- Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin
- An tÚdarás um Ard-Oideachas
- POBAL
- Léargas

Bailítear airgead freisin trí mhuir i leith seirbhísí amhail táillí teagaisc, seomraí ar cíos agus gníomhaíochtaí ar an leibhéal áitiúil. Ba é €211,038,793 fáltais an Bhoird don bhliain 2018. Déanann an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste iniúchadh bliantúil ar Bhord Oideachais agus Oilíúna Átha Cliath agus Dhún Laoghaire, agus cuireann seisean tuarascáil faoi mhaoirseacht airgeadais an Bhoird faoi bhráid an Oireachtais. As iomlán na bhfáltais anuraidh, bhain €7,950,317 leis an gclár caipitil.

Rinne an C&AG iniúchadh ar an Ráiteas Airgeadais Bliantúil 2018. Tá na cuntais iniúchta ar fáil le feiceáil ar líne, [cliceáil anseo](http://www.DDLETB.ie) nó tabhair cuairt ar www.DDLETB.ie.



6. Príomheagraíochtaí a bhfuil caidreamh againn leo

Tá sé ar cheann de thosaíochtaí straitéiseacha Bhord Oideachais agus Oiliúna Átha Cliath agus Dhún Laoghaire a bheith ag obair i gcomhpháirtíocht leis na príomhpháirtithe leasmhara sna trí chontae ina mbíonn sé ag feidhmiú: Fine Gall, Baile Átha Cliath Theas agus Dún Laoghaire-Ráth an Dúin. Chun na críche sin, oibríonn an BOO go dlúth leis an Roinn Oideachais agus Scileanna, SOLAS agus QQI lena chuid seirbhísí a chur ar fáil. Comhoibríonn sé le comhlachtaí poiblí éagsúla agus le soláthraithe éagsúla oiliúna agus oideachais. Mar shampla, tá Bord Oideachais agus Oiliúna Átha Cliath agus Dhún Laoghaire ina bhall de Choistí Forbartha Pobail Áitiúil (CFPÁ) de chuid Chomhairlí Contae Fhine Gall, Átha Cliath Theas agus Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin. Oibríonn an Bord Oideachais agus Oiliúna i ndlúthpháirt leis na cuideachtaí comhpháirtíochta áitiúla, chomh maith le hionadaíocht a bheith aige ar chomhlachtaí rialaithe Institiúid Teicneolaíochta Thamhlachta, Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Bhlainséir agus Institiúid Ealaíne, Deartha agus Teicneolaíochta Dhún Laoghaire. Tá comhaontú idirghníomhaireachta ag Bord Oideachais agus Oiliúna Átha Cliath agus Dhún Laoghaire leis an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí. Tríd an tSeirbhís Óige, comhoibríonn an BOO le heagraíochtaí óige náisiúnta agus grúpaí óige áitiúla a bhfuil ionadaíocht acu sa cheantar. Déantar Oiliúint Phobail a chistiú trínár nlonaid Oiliúna i gcomhair Tionscnaimh Oiliúna Áitiúla, Ionaid Oiliúna Pobail agus sainsoláthraithe oiliúna.

In 2018, chomhoibrigh Bord Oideachais agus Oiliúna Átha Cliath agus Dhún Laoghaire le líon mór eagraíochtaí agus institiúidí eile trí uaireanta teagaisc nó cúnamh airgeadais a sholáthar, mar shampla:

- Baile an Oibríoch
- Ionaid agus Ceardlanna Oiliúna Pobail
- An Príomh-Ospidéal Meabhair-Ghalar – Dún Droma
- Ospidéal Naomh Íde – Port Reachrann
- Aonad Sainchúraim Bhaile Uí Dhúda
- Grúpa Acmhainní Oideachais Fhine Gall
- Tionscadal Lucht Siúil Thamhlachta
- Tionscadal Bond – Blanchardstown Offenders for New Direction
- Clár Tower – Tionscadal Promhaidh
- Tionscadal Promhaidh Thamhlachta Thiar – Deonach
- Tionscadal Oiliúna Pobail Fhine Gall
- Scoil Traenála Teicniúla an Aerchóir
- Youth Horizons.



7. Scoileanna

Bunscoil

Tá BOO Átha Cliath agus Dhún Laoghaire ina phátrún ar 6 Pobalscoil Náisiúnta.

- Scoil Choilm, Baile an Phóirtearaigh
- Scoil Ghráinne, Baile Fiobail
- Scoil Chormaic, Baile Brigín
- P.S.N. Iarthar na Cathrach agus Theach Sagard, Iarthar na Cathrach
- Pobalscoil Aoife, Iarthar na Cathrach
- P.S.N. Leamhcáin, Leamhcán

Tá ár gcuid scoileanna bunaithe i bpobail áitiúla, agus is bunscoileanna iad atá dírithe ar leanaí, atá cuimsitheach, ilchreidmheach agus a fhaigheann tacaíocht stáit. Soláthraíonn siad oideachas bunscoile ardchaighdeán do gach leanbh de réir Churaclam na Bunscoile atá leagtha síos ag an Roinn Oideachais agus Scileanna. Glacadh 2,801 dalta isteach sna scoileanna sa scoilbhliain 2018/2019.

Figiúirí Rollaithe i bPobalscoileanna Náisiúnta, 2018/2019	
Scoil	18/19
Scoil Choilm	858
Scoil Chormaic	550
Scoil Ghráinne	687
Scoil Niamh - P.S.N. Iarthar na Cathrach	356
Scoil Aoife	169
Scoil Oscair - P.S.N. Leamhcáin	181
	2801

Baineann na pobalscoileanna náisiúnta leas as bheith ina gcuid de BOOÁCDL tríd an líonra tacaíochta príomhoidí atá á eagrú ag Adrian Flynn. Cabhraíonn idir an Rannóg Airgeadais, an Rannóg AD, an Rannóg Seirbhísí Corparáideacha agus an Rannóg TFC leis na pobalscoileanna náisiúnta dár gcuid buntáiste a bhaint as bheith ina gcuid den BOO. Glacann na scoileanna ar fad páirt i Líonra Pobalscoileanna Náisiúnta BOOÉ chomh maith, áit a gcabhraítear leo a bhféiniúlacht náisiúnta a fhorbairt. Is mór againn an tacaíocht a fhaighimid ó BOOÉ leis sin.



Iar-Bhunscoil

Lean an méadú ar líon na scoláirí i rith na scoilbhliana 2018 agus bhí 16,940 scoláire ag freastal ar iar-bhunscoileanna dár gcuid faoi dheireadh na bliana. Osclaíodh ár scoil nua i Sord le linn na bliana freisin. Ghlac Coláiste Pobail Shoird scoláirí isteach den chéad uair i mí Mheán Fómhair 2018 Osclaíodh an tAonad i gColáiste Pobail Bhaile Lotrail, a dtugtar Coláiste na Tulchann air, chomh maith.

Tá 29 Coláiste Pobail Dara Leibhéal faoi choimirce BOOÁCDL anois, ceithre cinn acu atá ina ngaelcholáistí, lena gclúdaítear cuid mhaith de Bhaile Átha Cliath ó Bhaile Brigín timpeall chomh fada le Leamhcán, Tamhlacht agus Teach na Giúise. Tá na Coláistí Pobail sin ina gcuid dhílis den saol ina bpobail áitiúla. Tá cur chuige cuimsitheach acu agus cuidíonn siad le daoine óga barr a gcumais a bhaint amach sa tsochaí. Cuireann siad ar chumas daltaí, múinteoirí agus tuismitheoirí dul chun cinn a dhéanamh ó thaobh oideachais de i dtimpeallacht dhearfach, spreagúil.

I measc na gclár atá á soláthar inár gcoláistí pobail tá -

- An Teastas Sóisearach
- Clár Scoile an Teastais Shóisearaigh
- Idirbhliain
- An Ardteistiméireacht
- Clár na hArdteistiméireachta Feidhmí
- Gairmchlár na hArdteistiméireachta

Tá Clár DEIS (Comhionannas Deiseanna sna Scoileanna a Sheachadadh) á chur ar fáil i 10 gcinn dár gcuid scoileanna.

Cuireadh réimse tacaí agus cláir i bhfeidhm le tacú leis an teagasc agus foghlaim i ngach scoil dár gcuid le linn 2018, lena n-áirítear Clár FGL do gach ceannaire láir. Cuireadh oiliúint ar phríomhoidí agus leas-phríomhoidí i bpríomhréimsí soláthair, áit ar bunaíodh roinnt cleachtais nua i réimsí amhail Soláthar Oideachais Speisialta, DEIS, Béarla mar Theanga Bhreise agus TFC. Ina theannta sin, tugadh tacaíocht leanúnach do líonraí a bhí ar an bhfód cheana, ar nós an Líonra litearthachta agus Uimhearthachta agus Chlár Ionduchtúcháin na Múinteoirí. Foilsíodh torthaí na dtionscadal taighde gnímh eiseamláirigh a rinneadh trí TL 21 mar leabhar i gcomhar le hOllscoil na hÉireann, Maigh Nuad. Chuir na scoileanna a bplean i dtoll a chéile de réir Straitéis Dhigiteach na Roinne Oideachais agus Scileanna d'Iar-Bhunscoileanna, 2015-2020. Cuirfidh sé sin ar a gcumas caiteachas TFC a phleanáil sa chaoi go mbeidh sé ar aon dul lena spriocanna faoin bplean.

Bhí Oiliúint Cosanta Leanaí do Bhoird Bhainistíochta agus príomhbhaill foirne ina cuid den chlár leanúnach oiliúna a cuireadh ar fáil in 2018.



Figúirí Rollaithe Iar-Bhunscoile 2018/2019

Scoileanna:	2ú Leibhéal	IAT iarbhír
C.P. Bhaile Adaim	894	
C.P. Ard Giolláin	909	
C.P. Bhaile Brigín	476	
C.P. Chaisleán Cnucha	1153	
Coláiste Chilliaín	399	
Coláiste Cois Life	814	
Coláiste de hÍde	290	
Coláiste Pobail Setanta	1103	
C.P. Pháirc Bhaile Choilín	563	39
C.P. Ráth an Deagánaigh	281	40
C.P. Dhomhnach Bat	761	
C.P. Fhine Gall	793	
C.P. Theach na Giúise	782	
Gaelcholáiste Reachrann	408	
C.P. na Gráinsí	230	64
Coláiste na nGlaschnoc	165	256
C.P. an Ghrifín	66	
C.P. Choilín an Rí	338	
An Chiseog	679	
C.P. Leamhcáin	912	
C.P. Lusca	648	
C.P. Bhaile Lotrail	864	
C.P. Mhóin Seiscinn	328	
C.P. Ghleanntán na hAbhann	257	
C.P. na Sceirí	947	
C.P. Fhinnéin	608	
C.P. Chaoimhín	358	
C.P. Shoirde	53	
C.P. Mhic Dhara	861	
iomlán	16940	399



8. Breisoideachas agus Oiliúint (BOaO)

Mar chuid dár soláthar Breisoideachais agus Oiliúna (BOaO), cuirtear an-chuid cláir éagsúla ar fáil do réimse leathan foghlaimeoirí, lena n-áirítear daoine a d'fhág an scoil go luath agus le déanaí, aosaigh atá ag fillleadh ar an oideachas/oiliúint, foghlaimeoirí atá faoi mhíchumas, daoine fostaithe agus daoine dífhostaithe. In 2018 thosaigh 21,620 foghlaimeoir ar chúrsa dár gcuid agus bhain 28,408 foghlaimeoir san iomlán leas as bheith páirteach i gcúrsa.

Tá léirithe i dTábla 1 anailís ar ár soláthar BOaO in 2018.

Tábla 1: Soláthar Iarbhrí BOaO in 2018

Cineál Soláthair		Líon na bhfoghlaimeoirí a chríochnóidh in 2018
Soláthar lánaimseartha	Oiliúint Phrintíseachta	1,101
	Oiliúint Nasctha	304
	Oiliúint Nasc-chúrsaí agus Bonnchúrsaí	131
	Ionaid Oiliúna Phobail	138
	Ceardlann um Cheartas	22
	Tionscnaimh Oiliúna Áitiúla	184
	IAT	2,637
	Soláthraithe Oiliúna Speisialaithe	216
	Oiliúint i Scileanna Sonracha	1,611
	Cúrsaí Oiliúna: Fostaithe	45
	Cúrsaí Oiliúna: Oiliúint	594
	Bunchúrsaí SDOG	239
	Ógtheagmháil	404
	IOMLÁN LÁNAIMSEARTHA	7,626
Soláthar páirtaimseartha	Grúpaí Litearthachta d'Aosaigh	1,756
	Grúpaí de chuid an Tionscnaimh um Fhilleadh ar Oideachas	2,472
	BCTE	714
	Oiliúint Tráthnóna	3,071
	Uaireanta Comhair BOaO	753
	DTOBA	365
	Aitheantas Réamhfhoghlama	0
	Scileanna Oibre	344
	Scileanna le dul chun cinn a dhéanamh	0
	IOMLÁN PÁIRTAIMSEARTHA	9,475
Braitheann sé seo	Oideachas Pobail	4,541
IOMLÁN		21,642



Bhí próiseas comhairliúcháin le páirtithe leasmhara ar bun ag BOOÁCDL ó thús deireadh 2018 i dtaca leis an gComhaontú Feidhmíochta Straitéiseach 2018-2020 a ullmhú agus a fhorbairt. Tugadh sainmhíniú ar spriocanna is iomchuí don scoilcheantar, don acmhainn, do dheiseanna geilleagracha agus fostaíochta agus do na riachtanais shóisialta. Ghlac SOLAS agus BOOÁCDL páirt i bpróiseas plé atriallach sular glacadh leis an gComhaontú Feidhmíochta Straitéiseach go foirmiúil agus sular síníodh i mí Mheán Fómhair 2018 é. Leagtar amach sa Chomhaontú an comhthéacs agus na tosaíochtaí straitéiseacha, mar aon leis an gcion atá le déanamh ag BOOÁCDL, chun príomhspríocanna earnála BOaO a bhaint amach.

Rinne seirbhísí BOaO BOOÁCDL an-dul chun cinn le himeacht 2018 i dtreo ár spriocanna straitéiseacha, mar atá leagtha amach in *Ráiteas Straitéise 2017-2021*, a bhaint amach. Chuireamar cláir nuálacha, atá freagrúil do riachtanais an lucht gnó, i dtoll a chéile agus thosaíomar á gcur ar fáil faoi na beartais náisiúnta de *Scileanna le dul chun cinn a dhéanamh agus Cúrsaí Oiliúna*. Leanaimid orainn ag forbairt acmhainní do mhúinteoirí, teagascóirí agus ceannairí a bhfuil spéis acu i bhForbairt Ghairmiúil Leanúnach (FGL) san Fhoghlaim le Cuidiú Teicneolaíochta (FCT). I mí na Nollag 2018, seoladh Ionad Oiliúna Réigiúnach *Apple* i gcomhar le BOOÁCDL. Cuireann sé cúrsaí ar fáil do mhúinteoirí le cabhrú leo scileanna agus muinín a fhorbairt in úsáid teicneolaíochtaí de chuid *Apple* sa seomra ranga. D'óstáil Ionad Oiliúna Bhaile Dúill ár dtríú Chomhdháil maidir leis an bhFoghlaim le Cuidiú Teicneolaíochta i mí Mheán Fómhair 2018 agus d'fhreastail breis is 150 cleachtóir BOaO uirthi.





9. Seirbhís Forbartha Óige agus Spóirt

Réamhrá

Cuireann Seirbhís BOOÁCDL um Fhorbairt Óige agus Spóirt raon leathan tacaí ar fáil lenár féidir soláthar agus comhordú a dhéanamh ar chlár, tionscadail agus seirbhísí ardchaighdeán oideachais, spóirt, áineasa agus forbartha do dhaoine óga faoi mhíbhuntáiste. Is iad an Comhionannas, an Comhar, an Nuálaíocht, an Ghairmiúlacht agus an tIonracas ár dtreoirphrionsabail oibríochtúla maidir leis na seirbhísí a sholáthraimid. Déantar an méid sin i gcomhpháirtíocht le pobail áitiúla, grúpaí deonacha agus eagraíochtaí óige deonacha ar nós Crosscare, Foróige agus YMCA.

Scóip:

Cuirtear na clár ar fáil de réir na 5 Thoradh Náisiúnta atá sonraithe sa cháipéis *Torthaí Níos Fearr Todhchaí Níos Gile* (Creatlach an Pholasaí Náisiúnta do Leanaí agus do Dhaoine Óga, 2014-2020)

Na 5 Thoradh Náisiúnta do Leanaí agus Daoine Óga

Vision	<i>An Ireland where the rights of all children and young people are respected, protected and fulfilled; where their voices are heard; where they are supported by their families, communities and the State to enjoy a fulfilling childhood and to realise their maximum potential now and in the future.</i>				
National Outcomes for Children in Ireland	Safe and protected from harm, intentional & unintentional	Achieving full potential in all areas of learning & development	Active & Healthy, emotional physical, and mental well-being	Economic Security & Opportunities	Connected, Respected & Contributing to their world
AIMS That means they are / have...	Secure, stable, caring home environment	Learning and developing from birth	Physically healthy	Protection from poverty and its impact	Strong sense of own identity, free from discrimination
	Safe and secure physical environment	Ready for school	Mentally & emotionally healthy	Living in sustainable communities, with access to services, transport & community facilities	Part of positive networks of friends, family & community
	Safe from abuse, neglect and sexual exploitation	Empathy & Emotional Resilience	A positive & respectful approach to relationships & sexual health	Opportunities for further education & skills development	Voice in decisions that affect their individual & collective lives
	Able to respond to bullying & discrimination	Critical thinkers & effective communicators	Healthy lifestyles (counter obesity)	A clear pathway to economic independence	Aware of rights, Responsible & Respectful of the law
	Safe from crime and anti-social behaviour	Achieving in School	Able to resist peer pressure & avoid risky behaviour (alcohol, drugs etc)	Ready to work	Socially & environmentally conscious
	Safe from crime and anti-social behaviour	Developing personally, socially, morally & ethically	Enjoying play, sports, culture & community activity		Able to make own way & exercise choice

Bearta Samplacha:

Tacaíonn thart ar 40,000 duine óg, 1,850 oibrí deonach agus 190 ball foirne le cur chun feidhme na gClár Oibre don Ógra ar fud limistéar riaracháin BOOÁCDL.

Samplaí dá bhfuil Bainte Amach

- Cuirtear an Clár Foghlama Malartaí (CFM) ar fáil ó 5 shuíomh, is iad sin Tamhlacht, Cluain Dolcáin, Dún Laoghaire, Baile Brigín agus Sord. Ghlac 61 duine óg páirt sa chlár in 2018.
- Ionaid Spóirt Dhá Fheidhm



Tá na hionaid suite i mBaile Brigín, Baile Fiobail, Baile Phámar, Baile Choilín, Teach na Giúise agus Cill an Ardáin. Faightear cistiú le haghaidh na nIonad Spórt Dhá Fheidhm ó Pobal tríd an gClár Seirbhísí Pobail (CSP), ó Chomhairle Contae Átha Cliath Theas agus ó Chomhairle Contae Fhine Gall.

- **Sportivate (i gcomhar le CCÁCT)**

Comhthionscnamh is ea Sportivate Bhaile Átha Cliath Theas idir CCÁCT agus BOOÁCDL, le tacaíocht ó Spórt Éireann. Freastalaíonn an clár ar dhaoine óga atá idir 18 agus 25 bliain d'aois agus cuireann Staidéar Spóirt agus Áineasa: DCCÉ Leibhéal 4 (Mórdhámhachtain) agus ceardlanna deimhnithe ar fáil. Ghlac 23 duine óg páirt i gclár Sportivate in 2018.

- **Dúshlán don Aos Óg Gníomhach (DAÓG)**

Cuireadh an Dúshlán don Aos Óg Gníomhach ar fáil do bhreis is 800 duine óg i limistéar BOOÁCDL. Chuir 42 grúpa an DAÓG i gcrích i mí Feabhra 2018 agus chláraigh 45 grúpa eile le páirt a ghlacadh ann ó mhí Dheireadh Fómhair 2018 ar aghaidh.

- **An Clár Seoltóireachta**

Faoin gclár seoltóireachta cuirtear seisiúin bhunleibhéil agus mheánleibhéil ar fáil do ghrúpaí óige, tionscadail samhraidh agus scoileanna, agus baineann thart ar 1000 duine óg leas as. Ghlac 64 grúpa óige páirt sa chlár seoltóireachta in 2018

Clár a chuirtear ar fáil i gcomhar le gníomhaireachtaí eile

Crosscare

Lion na dtionscadal Crosscare atá á bhfeidhmiú i gcomhar le BOOÁCDL de réir réigiúin:

Dún Laoghaire (14)	Ráth an Dúin (8)	Tamhlacht (2)
Cluain Dolcáin (16)	Tuaisceart an Chontae (6)	

Foróige

Lion na dtionscadal Foróige atá á bhfeidhmiú i gcomhar le BOOÁCDL de réir réigiúin:

Tamhlacht (9)	Baile Bhlainséir (12)	Tuaisceart an Chontae (3)
---------------	-----------------------	---------------------------

Tionscadail Neamhspleácha

I measc na dtionscadal neamhspleách tá YMCA agus réimse leathan tionscadail neamhspleácha phobail amhail Cill an Ardáin, Mullach Eadrad agus Grúpa Gníomhaíochta Taistealaithe Dheisceart Bhaile Átha Cliath.

Lion na dtionscadal neamhspleách atá á bhfeidhmiú i gcomhar le BOOÁCDL de réir réigiúin:

Dún Laoghaire (6)	Tamhlacht (8)	Cluain Dolcáin (6)
Baile Bhlainséir (3)	Tuaisceart an Chontae (2)	Ráth an Dúin (1)

Scéim Deontais do Chlubanna Óige Deonacha Áitiúla

Líon na gclubanna óige de réir réigiúin:

Dún Laoghaire (44)	Ráth an Dúin (25)	Tamhlacht (85)
Cluain Dolcáin (44)	Baile Bhlainséir (75)	Tuaisceart an Chontae (82)



10. Seirbhís Tacaíochta Síceolaíochta

Réamhrá

Tá an tSeirbhís um Thacaíocht Síceolaíochta ar fáil do scoláirí i Scoileanna Dara Leibhéal, Ionaid Ógtheagmhála agus earnálacha Breisoideachais a thagann faoin choimirce Bhord Oideachais agus Oiliúna Átha Cliath agus Dhún Laoghaire. Cuirtear réimse leathan tacaí síceolaíochta ar fáil mar fhreagra ar iarrataí ó scoileanna agus ó ionaid. Ina theannta sin, tugann an tSeirbhís tacaíocht ghearrthéarmach do bhaill foirne atá ag obair le BOOÁCDL. Ar leibhéal sistéamach, bíonn an tSeirbhís um Thacaíocht Síceolaíochta ag gabháil do thaighde, oiliúint agus tionscnaimh de chuid an Bhoird Oideachais agus Oiliúna.

Raon feidhme

Cuirtear an tseirbhís ar fáil i gcomhréir leis na hacmhainní atá ar fáil. Bíonn idirghabhálacha na foirne dírithe ar na bearta seo a leanas:

- tacaíocht dhíreach agus tacaíocht indíreach a thabhairt do dhaltáí agus mic léinn
- réiteach a fháil ar na deacrachtaí atá ag daoine i dtaobh iompair, spreagtha, mothúchán agus cognaíochta, trí mheasúnú agus idirghabháil theiripeach
- obair choisctheach le spriocghrúpaí
- tacaíocht ghairmiúil don fhoireann teagaisc. m.sh, sainchomhairle
- oiliúint inseirbhíse i réimsí éagsúla
- tacaíocht do na baill foirne

Bearta Samplacha

Chuaigh thart ar 594 ball foirne i gcomhairle leis an tSeirbhís um Thacaíocht Síceolaíochta ar chúiseanna éagsúla, lena n-áirítear sainchomhairle, oiliúint inseirbhíse agus tacaíocht. Rinneadh plé le hiarratais a rinneadh ar an tSeirbhís maidir le tuairim is 503 dalta agus mac léinn trí idirghabhálacha aonair nó trí idirghabhálacha grúpa. Áiríodh leis an obair a rinne an tSeirbhís freisin comhoibriú le gníomhaireachtaí seachtracha ar nós na Seirbhíse Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais, Bord Oideachais agus Oiliúna Chathair Bhaile Átha Cliath, Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath, FRIENDS Resilience agus Hogan & Associates.

Samplaí dá bhfuil Bainte Amach

- Cuireadh oiliúint sa Gharchabhair Shíceolaíoch ar fáil in iar-bhunscoileanna, ionaid ógtheagmhála agus ionaid oideachais aosai
- Freagairt do theagmhas criticiúil agus oiliúint
- Cuireadh oiliúint ar bhaill foirne mar éascaitheoirí faoin gclár FRIENDS Resilience
- Cuireadh ardoiliúint sa Tástáil Chaighdeánaithe ar fáil do bhaill foirne
- Tacaíodh le cur chun feidhme chlár spriocdhírthe saibhriúcháin Feuerstein um fheabhsú cognaíoch
- Tionscnamh um Chleachtas Machnamhach curtha ar bun
- Tacaíodh le Lónra na dTreoirchomhairleoirí, leis an Lónra Tacaíochta Foghlama agus leis an Lónra Teangacha, Litearthachta agus Uimhearthachta.
- Bainistiú agus cosc an fhéinmharaithe trí thagairt do chur chuige Mheasúnacht agus Bainistíocht Chomhoibriúch na Féinmharfachta
- Oiliúint mheabhairshláinte don fhoireann
- Cur i láthair do bhaill foirne agus scoláirí maidir leis an Imní agus na Meáin Shóisialta
- Tugadh tacaíocht do bhaill foirne
- An Tionscnamh um Oibriú go Dearfach
- Ceardlanna Idirdhealaithe
- Iompar Eiticiúil a Chíoradh le Baill Foirne



11. Giorrúcháin

SOA	Seirbhís Oideachais Aosaigh
CFM	An Clár Foghlama Malartaí
DAÓG	Dúshlán don Aos Óg Gníomhach
TFO	An Tionscnamh um Fhilleadh ar an Oideachas
MBCOFM	Measúnacht agus Bainistíocht Chomhoibríoch na Féinmharfachta
ARCC	An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste
CP	Coláiste Pobail
POF	Príomhoifigeach Feidhmiúcháin
Clr	Comhairleoir
PSN	Pobalscoil Náisiúnta
Co. Co.	Comhairle Contae
FGL	Forbairt Ghairmiúil Leanúnach
CPT	Comhcheangal Príomhoidí agus Príomhoidí Tánaisteacha
CSP	An Clár Seirbhísí Pobail
DEIS	Comhdheiseanna a Sholáthar i Scoileanna
ROS	An Roinn Oideachais agus Scileanna
BOOÁCDL	Bord Oideachais agus Oiliúna Átha Cliath agus Dhún Laoghaire
BTB	Béarla mar Theanga Bhreise
BCTE	Béarla do Chainteoirí Teangacha Eile
BOO	Bord Oideachais agus Oiliúna
BOOÉ	Boird Oideachais agus Oiliúna Éireann
BO	Breisoideachas
BOaO	Breisoideachas agus Oiliúint



AD	Acmhainní Daonna
TFC	Teicneolaíocht Faisnéise agus Chumarsáide
DTOBA	Dianteagasc san Oideachas Bunata Aosach
IPB	Irish Public Bodies
TLU	Teangacha, Litearthacht, Uimhearthacht
ÁNLA	An Áisíneacht Náisiúnta Litearthachta d'Aosaigh
CNCM	An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
SNSO	An tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais
OnahÉ	Ollscoil na hÉireann
TFE	Tacaíocht agus Forbairt Eagraíochta
IAT	Iar-Ardteistiméireacht
STS	Seirbhís Tacaíochta Síceolaíochta
DC	Dearbhú Cáilíochta
DCCÉ	Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann
CCÁCT	Comhairle Contae Átha Cliath Theas
SOLAS	Seirbhísí Oideachais Leanúnaigh agus Scileanna
FCT	Foghlaim le Cuidiú Teicneolaíochta
YMCA	Cumann Críostaí na bhFear Óg



12. Aguisíní

Aguisín A

Foireann Ardbhainistíochta BOO Átha Cliath agus Dhún Laoghaire, Scoileanna, Coláistí IAT, Ionaid Oideachais agus Róil agus Seirbhísí Tacaíochta

An Fhoireann Ardbhainistíochta

Paddy Lavelle, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

Deirdre Keyes, Stiúrthóir na Scoileanna (Eanáir go Bealtaine 2018)

Adrian Flynn, Stiúrthóir na Scoileanna (Bealtaine go Nollaig 2018)

Fionnuala Anderson, An Stiúrthóir Breisoideachais agus Oiliúna

Paul McEvoy, Stiúrthóir na Rannóige Tacaíochta agus Forbartha Eagraíochta

Martin Clohessy, an Stiúrthóir Eagraíochta, Tacaíochta agus Forbartha (Eanáir go Deireadh Fómhair 2018)

Debbie Howlett, an Stiúrthóir Gníomhach Eagraíochta, Tacaíochta agus Forbartha (Deireadh Fómhair go Nollaig 2018)

Pobalscoileanna Náisiúnta

Scoil Choilm

Scoil Chormaic

Scoil Ghráinne

P.S.N. Leamhcáin

Scoil Aoife

P.S.N. Iarthar na Cathrach agus Theach Sagard

Coláistí Pobail Ainmnithe

Coláiste Pobail Chaisleán Cnucha

Coláiste Chilliaín

Coláiste Cois Life

Coláiste Pobail Pháirc Bhaile Choilín (a chuireann BO ar fáil freisin)

Coláiste Pobail Ráth an Deagánaigh (a chuireann BO ar fáil freisin)

Coláiste Pobail Theach na Giúise

Coláiste Pobail na Gráinsí (a chuireann BO ar fáil freisin)

Coláiste Pobail Choill an Rí

Coláiste Pobail Mhóin Seiscinn (a chuireann BO ar fáil freisin)

Coláiste Pobail Ghleanntán na hAbhann

Coláiste Pobail Chaoimhín (a chuireann BO ar fáil freisin)

Coláiste Pobail Mhic Dara

Coláiste Pobail na Sceirí

Coláistí Pobail nach bhfuil Ainmnithe

Coláiste Pobail Bhaile Adaim

Coláiste Pobail Ard Giolláin

Coláiste Pobail Bhaile Brigín

Coláiste de hÍde

Coláiste Pobail Setanta

Coláiste Pobail Dhomhnach Bat

Coláiste Pobail Fhine Gall



Gaelcholáiste Reachrann
Coláiste na nGlaschnoc (a chuireann BO ar fáil freisin)
Coláiste Pobail an Ghrifín
Coláiste Pobail na Ciseoige
Coláiste Pobail Leamhcáin
Coláiste Pobail Lusca
Coláiste Pobail Bhaile Lotrail
Coláiste Pobail Fhionáin
Coláiste Pobail Shoard

Coláistí Breisoideachais IAT

Institiúid Bhreisoideachais na Carraige Duibhe
Institiúid Bhreisoideachais Dhún Laoghaire
Coláiste Breisoideachais Dhún Droma
Coláiste Breisoideachais an Naigín
Coláiste Breisoideachais Stigh Lorgan

Ionaid Oideachais agus Oiliúna

Ionad Oiliúna Bhaile Uí Lachnáin
Ionad Oiliúna Bhaile Dúill
Ionad Oiliúna Thamhlachta

Ionaid Choinneála

Ionad Oideachais Bhaile an Oibríoch

Seirbhísí Oideachais Aosaigh

Baile Átha Cliath Thoir Thuaidh
Baile Átha Cliath Thiar Thuaidh
Baile Átha Cliath Thoir Theas
Baile Átha Cliath Thiar Theas

Ionaid Ógtheagmhála

Ionad Ógtheagmhála Bhaile Brigín
Ionad Ógtheagmhála Bhaile Bhlainséir
Ionad Ógtheagmhála Chluain Dolcáin
Ionad Ógtheagmhála Leamhcáin
Ionad Ógtheagmhála na Prióireachta
Ionad Ógtheagmhála Ráth Fearnáin
Ionad Ógtheagmhála an Rois
An tIonad Spóirt Ógtheagmhála
Ionad Ógtheagmhála Shoard
Ionad Ógtheagmhála Thamhlachta
An tAonad um Thacaíocht agus Oiliúint don Ógra

Róil agus Seirbhísí Tacaíochta

Seirbhís Treorach d'Aosaigh
Oifigeach Forbartha Contae don Óige
Oifigeach Forbartha do FGL, TFO agus SDOG
Oifigeach Forbartha do Bhéarla do Chainteoirí Teangacha Eile (BCTE)
Oifigeach Forbartha do Dhearbhú Cáilíochta (DC)



Oifigeach Forbartha do Thaighde agus Seirbhísí Litearthachta
Comhordaitheoir Náisiúnta an Chláir do Dhídeanaithe Aosacha
Comhordaitheoir Náisiúnta an Dianteagaisc in Oideachas Bunata Aosach (DTOBA) agus Foghlama san Áit
Oibre
Seirbhís Tacaíochta Síceolaíochta
Comhordaitheoir Réigiúnach Seirbhísí Ógtheagmhála agus Ionad Oiliúna do Thaistealaithe.

Tá na sonraí ar fad faoi gach ceann de na nithe thuas le fáil ar láithreán gréasáin BOO Átha Cliath agus
Dhún Laoghaire: www.ddletb.ie

Aguisín B

Pobalscoileanna a bhfuil BOO Átha Cliath agus Dhún Laoghaire ar a mBord Bainistíochta mar Chomhphátrún

Pobalscoil Naomh Tiarnáin
Pobalscoil Bhaile an tSaoir
Pobalscoil Bhaile an Bhlácaigh
Coláiste Pobail Aodháin
Pobalscoil Chábán tSíle
Pobalscoil Chúil Mhín
Pobalscoil Thobar an Domhnaigh
Pobalscoil Bhaile an Hartaigh
Pobalscoil an Teaghlaigh Naofa, Ráth Cúil
Pobalscoil Chill an Ardáin
Pobalscoil Chnoc Lín
Pobalscoil Mhullach Íde
Pobalscoil an tSeanbhábhúin
Pobalscoil Bhaile Phámar
Pobalscoil Phort Mearnóg
Pobalscoil Mharcais
Pobalscoil Thamhlachta

Scoileanna Cuimsitheacha

Scoil Chuimsitheach na Páirce Nua

Aguisín C

Coistí an BOO

An Coiste Airgeadais
An Coiste Iniúchta
An Coiste Ógra agus Spórt
Coistí Ógtheagmhála